

An Bhruiséil, 6 Márta 2025
(OR. fr)

6807/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0047(NLE)

PECHE 47

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	5 Márta 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 77 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 77 final.

Faoi iamh: COM(2025) 77 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.3.2025
COM(2025) 77 final

2025/0047 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal
maidir le cur chun feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh
idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha¹, rinne an Coimisiún caibidlíocht le Rialtas Phoblacht an Chósta Eabhair (dá ngairtear ‘an Cósta Eabhair’ anseo feasta) d’fhonn Prótacal Cur Chun Feidhme nua (2025-2029) a ghabhfaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh. Is é is cuspóir dó ceadú do shoithí an Aontais rochtain a fháil ar limistéar iascaireachta an Chósta Eabhair agus tuinníní agus speicis ghaolmhara a iascach ann, faoi shainordú bainistíochta ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um na dTuinníní Atlantacha a Chaomhnú (CICTA). Tar éis an chaibidlíochta a bheith tugtha i gcrích, chuir na hidirbheartaithe inisealacha le prótacal an 21 Samhain 2024. Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 4 bliana ó dháta an chur i bhfeidhm shealadaigh a leagtar síos in Airteagal 20 de, is é sin an dáta a shíníonn na Páirtithe é.

Leis an bPrótacal nua, déanfar foráil maidir le deiseanna iascaireachta sna catagóirí seo a leanas:

- 25 bhád peas- saighne tuinníní;
- 7 mbád spiléireachta dromchla;
- soithí tacaíochta i gcomhréir le rúin ábhartha CICTA agus leis na teorainneacha a leagtar amach i reachtaíocht an Chósta Eabhair;

Is é is cuspóir don togra seo na deiseanna iascaireachta sin a leithdháileadh ar na Ballstáit.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é príomhaidhm an Phrótacail nua creat nuashonraithe a sholáthar agus tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe agus a ghné sheachtrach á gcur san áireamh, d’fhonn leanúint leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i réimse an iascaigh agus í a threisiú.

Tugann an Prótacal deiseanna iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais Eorpaigh i limistéar iascaireachta an Chósta Eabhair, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus le rúin agus moltaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA), laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Bhunaigh an Coimisiún a sheasamh i bpáirt ar thorthaí meastóireachta a rinneadh ar an bPrótacal roimhe seo (2018-2024), agus ar mheastóireacht réamhbhreathnaitheach maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart Prótacal nua a thabhairt i gcrích. Is saineolaithe seachtracha a thug faoi na measúnuithe sin. Ina theannta sin, is é is aidhm dó feabhas a chur ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun acmhainn iascaigh a shaothrú ar bhealach freagrach i limistéar iascaireachta an Chósta Eabhair agus san Aigéan Atlantach, ar mhaithe leis na Páirtithe. Ina theannta sin, leis an gcomhar sin, cuideofar le dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn le linn gníomhaíochtaí iascaireachta.

¹ Arna nglacadh le linn an 4 008ú Comhairle Fuinnimh an 4 Márta 2024

Leis an bPrótacal nua, déanfar foráil maidir le deiseanna iascaireachta sna catagóirí seo a leanas:

- 25 bhád peas- saighne tuinníní;
- 7 mbád spiléireachta dromchla;
- soithí tacaíochta i gcomhréir le rúin ábhartha CICTA agus leis na teorainneacha a leagtar amach i reachtaíocht an Chósta Eabhair;

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá caibidliú Prótacail nua maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh leis an gCósta Eabhair ina chuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais i leith thíortha Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), agus cuirtear san áireamh ann go háirithe cuspóirí an Aontais maidir le fás eacnamaíoch inbhuanaithe, forbairt dhaonna agus shóisialta, an t-athrú aeráide a chomhrac, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus urraim do phrionsabail dhaonlathacha agus do chearta an duine.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena mbunaítear go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí de chuid an Aontais in uiscí tríú tír, mar a leagtar amach in Airteagal 31 den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh². Comhlíontar na forálacha sin chomh maith leis na forálacha sin maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

In 2023, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar Phrótacal 2018-2024 a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh a tugadh i gcrích leis an gCósta Eabhair

² RIALACHÁN (AE) UIMH. 1380/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle

chomh maith le meastóireacht *ex ante* ar Phrótacal nua d'fhéadfaí a bheith ann³. Leagtar amach conclúidí na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante* sin i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin⁴.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil suim mhór ag earnáil iascaigh an Aontais in iascaireacht a dhéanamh sa Chósta Eabhair agus go bhfuil Prótacal nua chun leasa an dá Pháirtí. Ina theannta sin, leis an bPrótacal nua, chuideofaí le faireachán, rialú agus faireachas a neartú agus chuideofaí le rialachas ar ghníomhaíochtaí iascaireachta sa réigiún a fheabhsú.

Maidir leis an Aontas, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí ionstraim ar bun lena gceadófaí dlúthchomhar earnála le himreoir mór a bhfuil tionchar mór aige i rialachas aigéan ar an leibhéal fo-réigiúnach mar gheall ar mhéid an limistéir iascaireachta atá faoina dhlinse. Le neartú an chaidrimh leis an gCósta Eabhair, beifear in ann comhghuaillíochtaí a thógáil faoi chuimsiú CICTA freisin. Ina theannta sin, i gcás chabhlach an Aontais Eorpaigh, ciallaíonn sé sin go gcoinneofar rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta chun straitéisí saothraithe a chur i bhfeidhm faoi chreat dlí idirnáisiúnta ilbhliantúil. Ina theannta sin, mar gheall ar láthair agus trealamh agus seirbhísí Chalafort Abidjan laistigh de limistéar a bhfuil an-saothrú á dhéanamh ann, is ionad lóistíochta agus mórphort tabhairt i dtír agus trasloingsithe é a chuireann le fiúntas an Phrótacail nua atá beartaithe, le haghaidh earnáil iascaigh an Aontais agus na tíre comhpháirtíochta araon. I gcás údarais an Chósta Eabhair, is é an aidhm atá ann leanúint den chaidreamh leis an Aontas Eorpach chun rialachas na n-aigéan a neartú, tairbhe a bhaint as tacaíocht earnála thiomnaithe lena gcuirtear deiseanna maoinithe ilbhliantúla ar fáil, agus tionsclú earnáil an athchóirithe a chur ar bun trí bhíthin ghníomhaíocht na soithí, mar chuid d'éagsúlú a gheilleagair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe ar an earnáil, le heagraíochtaí idirnáisiúnta de chuid na sochaí sibhialta agus le córas riaracháin iascaigh agus ionadaithe ar shochaí sibhialta an Chósta Eabhair. Eagraíodh comhairliúcháin freisin i gcomhthéacs na Comhairle Comhairlí um an Iascaireacht Fadraoin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31(10) den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

³ An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, Caillart, B., Defaux, V. and Guélé, M., *Évaluation rétrospective et prospective du Protocole 2018-2024 à l'accord de partenariat dans le domaine de la pêche entre l'Union européenne et la République de Côte d'Ivoire – Rapport final*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023 <https://data.europa.eu/doi/10.2771/605016>

⁴ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht a Ghabhann leis an doiciméad Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh Prótacal nua Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le Poblacht an Chósta Eabhair, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52024SC0022>

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an gcomhaontú a caibidlíodh, foráiltear maidir le clásal a bhaineann le hiarmhairtí na sárúithe ar na heilimintí fíor-riachtanacha d’Airteagal 9 de Chomhaontú Shamó⁵, eilimintí a bhaineann le cearta daonna.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag an Dréacht-rialachán ar bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá an nós imeachta seo á thionscnamh i gcomhthráth leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach, agus leis an gCinneadh ón gComhairle, ar a thabhairt i gcrích. Beidh feidhm ag an Rialachán seo a luaithe a bheidh deis ann gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh, i.e. ar dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail.

⁵

Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltáí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, IO L 2023/2862, 28.12.2023 http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2008, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 242/2008¹, maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach² (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 18 Aibreán 2008.
- (2) Chuaigh an Prótacal roimhe seo maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe in éag an 31 Iúil 2024.
- (3) Thar ceann an Aontais Eorpaigh, tá Prótacal nua 4 bliana maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach (dá ngairtear ‘an Prótacal’ anseo feasta) caibidlithe ag an gCoimisiún.
- (4) De thoradh na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha leis an bPrótacal an 21 Samhain 2024.
- (5) An [...], ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) [...] ³, maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail nua, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (6) Na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal, ba cheart iad a leithdháileadh ar na Ballstáit ar feadh na tréimhse iomláine a chuirfear an Prótacal i bhfeidhm.
- (7) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta an Chósta Eabhair agus an ghá atá ann fad an chur isteach ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a laghdú a oiread is féidir.

¹ IO L 75, 18.3.2008, lch. 51 <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/242/oj>

² IO L 48, 22.2.2008, lch. 41 [https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_international/2008/147\(1\)/oj](https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_international/2008/147(1)/oj)

³ [tagairt agus IO le cur isteach]

- (8) Is ar bhonn sealadach a bheidh feidhm ag an bPrótacal ó dháta a shínithe chun go bhféadfaidh soithí de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na deiseanna iascaireachta a bhunaítear faoin bPrótacal (2025-2029) déanfar iad a leithdháileadh ar na Ballstáit mar seo a leanas:

- (a) 25 bhád saighne tuinníní:
An Spáinn: [14] shoitheach
An Fhrainc: [11] shoitheach
- (b) 7 mbád spiléireachta dromchla:
An Spáinn: [5] shoitheach
An Phortaingéil: [2] shoitheach

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón dáta a chuirfear i bhfeidhm an Prótacal go sealadach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*